Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

14005/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0236(NLE)**

INST 343

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le neamh-athsholáthar Comhalta den Choimisiún |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le neamh-athsholáthar Comhalta den Choimisiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 246, an tríú mír, de,

Ag féachaint don togra ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D’éirigh an Coimisinéir BRETON as oifig mar Chomhalta den Choimisiún, le héifeacht ón 16 Meán Fómhair 2024.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 246, an tríú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil ar thogra ó Uachtarán an Choimisiúin, a chinneadh nach gá folúntas a tharlaíonn sa Choimisiún de bharr éirí as oifig a líonadh, go háirithe nuair nach bhfuil fágtha ach beagán ama de théarma oifige an chomhalta.

(3) Ón lá a tháinig éifeacht leis an éirí as oifig, beidh níos lú ná 2 mhí fágtha de théarma oifige an Choimisiúin reatha. Ní cosúil gur gá Comhalta den Choimisiún atá éirithe as oifig a athsholáthar le haghaidh tréimhse chomh gearr sin, agus eagrúchán an Choimisiúin mar chomhlacht coláisteach de bhun Airteagal 17(6) den Chonradh ar an Aontas Eorpach á chur san áireamh.

(4) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chomhdhéanamh an Choimisiúin ó thús a théarma oifige nua in 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ní líonfar an folúntas sa Choimisiún, ar folúntas é atá ann de bhrí gur éirigh an Coimisinéir BRETON as oifig.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*